Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**12613/19**

**LIMITE**

**SOC 642**
**EMPL 487**
**ECOFIN 842**
**EDUC 395**
**SAN 410**
**GENDER 43**
**ANTIDISCRIM 36**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Geilleagar na Dea-Bhaile<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

Chuir an Uachtaránacht síos tacar de dhréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le "Geilleagar na Dea-bhaile".

Bhí cúig chruinniú ag an Meitheal um Cheisteanna Sóisialta agus tionóladh dhá cheann acu siúd i gcomhpháirt leis an Meitheal um Shláinte Phoiblí agus thángthas ar chomhaontú sa Mheitheal ar an 10 Deireadh Fómhair 2019 maidir leis an téacs atá i gceangal, cé is moite de phointe 24 agus phointe 47 a bhfuil forchoimeádas ag an Ostair ina leith.

Léirítear na hathruithe i ndáil leis an leagan roimhe seo (12476/19) i **gcló trom** agus marcáiltear an méid a scriosadh le **[...]**.

Iarrtar ar an gCoiste na dréacht-Chonclúidí a chur ar aghaidh chuig Comhairle EPSCO lena nglacadh ag an gcruinniú a bheidh aici an 23 Deireadh Fómhair 2019.

## Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le geilleagar na dea-bhaile

AG AITHINT DI an méid seo a leanas:

1. Is éard atá i ngeilleagar na dea-bhaile cur chuige treoshuímh beartais agus rialachais darb aidhm tús áite a thabhairt do dhaoine agus dá ndea-bhail sa cheapadh beartas agus sa chinnteoireacht. Cé gur luach ann féin é dea-bhail daoine, cuirtear i dtreis le geilleagar na dea-bhaile go n-athneartaíonn an dea-bhail agus an fás eacnamaíoch a chéile. Is ríthábhachtach d'fhás eacnamaíoch, do tháirgiúlacht, d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach fhioscach agus do chobhsaíocht shochaíoch an Aontais go gcuirtear an dea-bhail san áireamh i ngach beartas.

2. Is príomhaidhm de chuid an Aontais Eorpaigh é dea-bhail na ndaoine. Le geilleagar na dea-bhaile, leagtar béim ar *raison d'être* an Aontais, mar a leagtar síos é sna Conarthaí agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Is cuid lárnach de gheilleagar na dea-bhaile é timpeallacht a chruthú lena gcuirtear ar chumas daoine a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach agus a gcearta bunúsacha a theachtadh. Ag an am céanna, cuireann an fás agus an athléimneacht eacnamaíoch inbhuanaithe, uileghabhálach le dea-bhail na ndaoine, sochaithe agus an phláinéid.

3. Chun geilleagar na dea-bhaile a bhaint amach, *tá cur chuige cothrománach, bunaithe ar chomhar trasearnálach* idir réimsí éagsúla beartais, bunriachtanach. An gá atá le gníomhaíocht trasearnála a dhéanamh, tá an gá sin mar dhlúthchuid den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais agus de Chairt Shóisialta na hEorpa, agus rinneadh tagairt dó mar chuid den chur chuige *Health in All Policies* [Sláinte i ngach Beartas] i gconclúidí roimhe seo ón gComhairle (2006). Ní éilítear inniúlachtaí ná struchtúir nua le haghaidh gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais chun go saothraítear coincheap gheilleagar na dea-bhaile ach tá sé riachtanach go mbaineann an tAontas gona Bhallstáit úsáid chomhordaithe níos fearr as a gcumhachtaí faoi seach agus tá díriú athnuaite ar phríomhspreagthaí na dea-bhaile de dhíth.

4. Tá geilleagar na dea-bhaile bunaithe ar bheartas eacnamaíoch fónta inbhuanaithe. Cuireann sí chun suntais *a thábhachtaí atá sé go n-infheistítear i mbearta agus i struchtúir beartais cothroma, éifeachtúla, éifeachtacha* lena n-áirithítear rochtain do chách ar sheirbhísí poiblí, lena n-áirítear seirbhísí sláinte agus sóisialta, cúram fadtéarmach, bearta sláinte agus coisctheacha a chur chun cinn, cosaint shóisialta chomh maith le hoideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Leagann sí béim ar an bhfostaíocht, ar bheartais ghníomhacha i leith an mhargaidh saothair agus sláinte agus sábháilteacht ag an obair mar aon le dálaí oibre cuibhiúla mar bhearta chun an dea-bhail a ráthú ag an obair. Comhdheiseanna, comhionannas inscne agus cuimsiú sóisialta is ciall dó.

5. Leis an *gceapadh beartas eolasbhunaithe*, éilítear cuspóirí soiléire agus úsáid tacair leordhóthanaigh de tháscairí ardcháilíochta, measúnuithe tionchair cuimsitheacha agus meastóireacht ar an gcost-éifeachtacht ghearrthéarmach, mheántéarmach agus fhadtéarmach. Glactar leis go forleathan nach dtugtar, le OTI ann féin, pictiúr cuimsitheach de dhea-bhail daoine. Dá bhrí sin, éilítear tuilleadh iarrachtaí comhoibríocha treisithe ar fud earnálacha chun úsáid níos fearr a bhaint as ionstraimí atá ann cheana agus chun na hionstraimí sin a fheabhsú, agus chun tógáil orthu chun cur chuige coiteann a fhorbairt le diminsin éagsúla gheilleagar na dea-bhaile a thomhas.

6. Tá an chothromaíocht idir an fás eacnamaíoch agus an dul chun cinn sóisialta i gcroílár lánpháirtiú na hEorpa. Tá sé sin ríthábhachtach do gheilleagar margaidh shóisialta a dhíríonn ar an lánfhostaíocht agus an dul chun cinn sóisialta, agus is uathúil atá an tAontas ar an leibhéal domhanda mar thoradh ar an gcothromaíocht sin. Is treoir í *Colún Eorpach na gCeart Sóisialta* (dá ngairtear an *Colún* anseo feasta) maidir le cóineasú athnuaite in airde i dtreo dálaí oibre agus maireachtála níos fearr san Aontas. Is gealltanas comhroinnte polaitiúil agus freagracht chomhroinnte pholaitiúil an Aontais agus na mBallstát é an Colún a chur i bhfeidhm agus éilítear dul chun cinn leanúnach agus gníomhaíocht chuimsitheach ón dá thaobh i gcomhréir lena n-inniúlacht faoi seach. Cuidíonn geilleagar na dea-bhaile le haidhmeanna agus cur chun feidhme an Cholúin i gcomhréir le *Clár Oibre Straitéiseach nua an Aontais 2019-2024*. Thairis sin, rannchuidíonn sé le *Múnla Sóisialta na hEorpa*, lena gcumhachtaítear gach duine trí chóineasú sóisialta agus eacnamaíoch in airde a chur chun cinn.

7. Chuir an *Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíoch*[1] i dtreis go rannchuidítear leis an bhfás eacnamaíoch má infheistítear sa tsláinte, san oideachas, san fhostaíocht, sa chomhionannas inscne agus sa chosaint shóisialta do gach ball den tsochaí. Ina theannta sin, rannchuidíonn *na torthaí sóisialta* a bhaineann le dea-bhail aonair níos mó - lena n-áirítear níos mó muiníne, níos mó rannpháirtíochta saoránach agus comhtháthú sóisialta níos mó - le fás eacnamaíoch trí tháirgiúlacht iomlán na bhfachtóirí, cobhsaíocht airgeadais agus pholaitiúil níos fearr, agus athléimneacht feabhsaithe i gcoinne suaití díobhálacha.

8. Tá geilleagar na dea-bhaile i gcroílár *Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe* a bhfuil na Ballstáit go léir tiomanta ina leith. Ar aon dul leis an méid sin, d'aithin eagraíochtaí éagsúla idirnáisiúnta, eadhon Grúpa an Bhainc Dhomhanda[2], an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta[3], an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair[4] agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte[5] a thábhachtaí atá sé go n-infheistítear sa tsláinte, sa chosaint shóisialta agus san oideachas.

Á MHEABHRÚ DI an méid seo a leanas:

9. *Tá go leor de mhuintir na hEorpa ag maireachtáil go rathúil.* Ar an meán, in ainneoin éagothromaíochtaí idir na Ballstáit agus laistigh díobh, tá níos mó oideachais ag daoine san Aontas, tá siad níos saibhre, níos sláintiúla agus maireann siad níos faide ná riamh roimhe.

---

**1** Geilleagar na Dea-Bhaile - Achoimre feidhmiúcháin ar pháipéar cúlra ó ECFE maidir le 'Deiseanna a chruthú do dhea-bhail an phobail agus don fhás eacnamaíoch' (10414/19); Geilleagar na Dea-bhaile - Páipéar cúlra ó ECFE (10414/19 ADD 1).

**2** The Human Capital Project**.**

3 The Strategy on Social Spending**.**

4 The Centenary Declaration for the Future of Work**.**

5 The Tallinn Charter on Health Systems for Health and Wealth**.**

DE BHRÍ gur fíor an méid seo a leanas:

10. Leis *an mbochtaineacht agus an eisiamh* ó mhargadh an tsaothair agus ón tsochaí, is measa fós a bhíonn an neamhionannas agus an deighilt, agus d'fhéadfadh polarú agus éagobhsaíocht sa tsochaí a bheith mar thoradh air. In ainneoin na bhforbairtí dearfacha éagsúla, bíonn ar dhaoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta dul i ngleic le dúshláin iomadúla agus le heaspa deiseanna. Tá duine as gach ceathrar leanaí san Aontas i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta. Tá méadú ag teacht ar an easpa dídine i líon mór Ballstát agus baineann sé le grúpaí éagsúla daoine, go háirithe i dtimpeallachtaí uirbeacha. Mar sin féin, bíonn deiseanna ann i gcathracha freisin i leith dea-bhail daoine. Is bunriachtanach chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu agus comhdheiseanna á n-áirithiú do chách ag an am céanna tacaíocht leordhóthanach ioncaim, rochtain ar sheirbhísí ardcháilíochta sláinte agus sóisialta, cúram fadtéarmach mar aon le hoideachas agus cúram luathóige mar aon le tithíocht inacmhainne agus tacaíocht d'imeascadh agus d'imeascadh i margadh an tsaothair. Tá ról tábhachtach ag an ngeilleagar sóisialta, ag an nuálaíocht shóisialta agus ag an infheistíocht shóisialta freisin.

11. I saol athraitheach na hoibre, bíonn gá le hinoiriúnaitheacht mar aon le cáilíochtaí agus scileanna atá éagsúil agus a bhíonn ag athrú de shíor. Ar an gcaoi sin, bíonn ról lárnach ag an oideachas agus ag an oiliúint chun an t-iomaíochas, an inoiriúnaitheacht agus an rannpháirtíocht i margadh an tsaothair agus sa tsochaí a chothú. Caithfear iarrachtaí a dhéanamh chun rochtain a éascú do chách ar *an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar scileanna agus inniúlachtaí* a fháil chun dul i ngleic leis na dúshláin agus chun na deiseanna a thapú a ghabhann leis an digitiú agus le foirmeacha nua oibre. Beidh tionchar ag an athrú aeráide ar shaol na hoibre. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún obair a thabhairt chun cinn ar na coinníollacha, ar na dreasachtaí agus ar an gcreat cumasúcháin atá le cur ar bun chun go n-áiritheofar an t-aistriú chuig Aontas a bheidh aeráidneodrach i gcomhréir le Comhaontú Pháras lena ndéanfar, inter alia, an t-iomaíochas Eorpach a chaomhnú agus a bheidh cóir agus cothrom ar bhonn sóisialta, agus cúinsí náisiúnta na mBallstát á gcur san áireamh. Ó thaobh na fostaíochta de, bíonn idir dheiseanna agus dúshláin ag roinnt leis an aistriú chuig an aeráidneodracht.

12. Is minic a bhíonn deacrachtaí i margadh an tsaothair agus sa tsochaí ag grúpaí leochaileacha agus ag daoine atá i mbaol an eisiaimh, agus d'fhéadfadh go mbeadh riachtanais speisialta acu ag an obair agus ina saol oibre. Tá prionsabal an neamh-idirdhealaithe bunriachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin. Comhlíontar prionsabal na hoibre cuibhiúla agus cearta an duine nuair a chuimsítear daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair agus sa tsochaí ina hiomláine. Chomh maith leis sin, leis an bhfad saoil, tá deiseanna ann i leith mhargadh an tsaothair agus i leith an gheilleagair, agus bíonn gá le bearta tacaíochta chun go mbeidh gach duine in ann rannchuidiú go gníomhach leis an tsochaí agus le saol na hoibre.

13. *Le pá cóir, dea-dhálaí córa oibre, poist ardcháilíochta, ionaid oibre urramacha agus neamh-idirdhealú ag an obair*, bíonn daoine in ann rochtain chomhionann a bheith acu ar mhargadh an tsaothair agus fanacht laistigh den mhargadh sin, cuirtear cosc a chur ar an luathscor agus áirithítear go mbaintear úsáid as scileanna an lucht saothair ar fad. Le cosaint leordhóthanach na gceart sóisialta agus an tsaoil ag an obair, neartaítear diminsean sóisialta an Aontais agus comhlíontar ról tábhachtach maidir le neamhionannas agus bochtaineacht lucht oibre a chomhrac. Ba cheart dea-dhálaí oibre córa agus cosaint shóisialta leordhóthanach a sholáthar freisin i gcineálacha nua oibre. Le h*ionaid shábháilte, shláintiúla oibre*, feictear táirgiúlacht mhéadaithe, is mó sásamh a bhaintear as an bpost agus is faide a bhíonn an saol oibre, agus cuirtear cosc, freisin, ar bhreoiteacht agus tionóiscí a bhaineann leis an obair agus ar na costais arda is cúis leo siúd. Bíonn ról tábhachtach ag comhpháirtithe sóisialta i gceapadh na mbeartas sin.

14. Is bunriachtanach don fhás eacnamaíoch inbhuanaithe cuimsitheach, don chomhtháthú sóisialta agus don dea-bhail an *comhionannas inscne* a chur chun cinn, na deiseanna fostaíochta do mhná a fheabhsú, an prionsabal maidir le pá comhionann le haghaidh obair ar comhionann a luach a áirithiú, comhréiteach idir obair, cúram agus an saol príobháideach a éascú do na mná agus do na fir, chomh maith le foréigean in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac. Meastar gur réamhriachtanais do gheilleagar níos cothroime agus níos cuimsithí iad na bearnaí atá ann idir na hinscní san fhostaíocht**, [...]** sa phá **agus i bpinsin** a laghdú agus cumhachtú eacnamaíoch na mban a fheabhsú.

15. Is féidir le córais cosanta sóisialta atá dea-cheaptha, leordhóthanach agus inbhuanaithe, agus atá ann do gach duine, a bheith éifeachtach chun daoine aonair a chosaint. Bíonn torthaí luachmhara sóisialta agus eacnamaíocha ann san fhadtéarma a bhuí leis an infheistiú i gcórais cosanta sóisialta. Cuireann an chosaint shóisialta leis an athléimneacht shocheacnamaíoch agus le caipiteal daonna. Thairis sin, nuair a thacaítear, trí na córais sin, le haistriú saothair chuig earnálacha den gheilleagar atá ag teacht chun cinn agus atá dinimiciúil, d'fhéadfadh torthaí níos fearr a bheith ann ó thaobh mhargadh an tsaothair.

16. Is bearta beartais dea-bhaile bunriachtanacha iad oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Tá oideachas agus oiliúint atá **[...]** inrochtana agus ar ardcháilíocht, agus atá **cuimsitheach**, ríthábhachtach do shochaithe agus do gheilleagair ar gá dóibh dul in oiriúint don athrú agus tairbhe a bhaint as. Tá sochair mhóra eacnamaíocha agus shóisialta ag roinnt leis an infheistiú san oideachas agus san oiliúint; Leis an infheistiú sin, tacaítear leis an gcobhsaíocht eacnamaíoch agus leis an bhfás agus, ina theannta sin, cuirtear go mór le hathléimneacht ár ngeilleagar agus ár sochaithe agus lena rathúnas sa todhchaí.

17. Is fearr is féidir na dúshláin i ndáil le dea-bhail daoine a mhaolú má thugtar aghaidh orthu ag céim luath agus <u>ar feadh an tsaoil</u> **[...]**. Áirítear ar na bearta sin, *inter alia*, **cúram réamhbhreithe** atá ar ardcháilíocht agus inacmhainne, oideachas agus cúram luath-óige, stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn, lena n-áirítear gníomhaíocht choirp agus cothú sláintiúil mar aon le bearta coisctheacha agus timpeallachtaí cumasúcháin. Tá an t-infheistiú sa litearthacht sláinte tábhachtach chun daoine a chumhachtú le roghanna sláintiúla a dhéanamh.

18. *Is eilimintí bunriachtanacha na dea-bhaile, a chuirtear ar fáil trí chóras sláinte inbhuanaithe, iad rochtain do chách ar sheirbhísí sláinte, cúram fadtéarmach, cur chun cinn na sláinte agus cosc ar ghalair*, lena dtugtar aghaidh ar neamhionannais sláinte freisin agus, ar an gcaoi sin, lena rannchuidítear leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí. Leis an infheistiú sa *tslándáil sláinte*, rannchuidítear le bagairtí sláinte a chosc agus a bhrath agus freagairt dóibh go héifeachtach agus go tráthúil. Mar shampla, d'fhéadfaí damáiste mór a dhéanamh don tsláinte phoiblí agus do gheilleagair náisiúnta leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, le drogall i leith vacsaíniú agus le tubaistí a bheith ag tarlú go minic i ngeall ar an athrú aeráide agus le ráigeanna galair. Is beart costéifeachtach é an cumhdach méadaithe don vacsaíniú chun a lán galar teagmhálach a chosc. Dá ndéanfaí iarrachtaí níos fearr chun an *dea-mheabhairshláinte* a chur chun cinn agus chun cosc, luathdhiagnóisiú, cóireáil agus dístiogmatú neamhord meabhrach a thabhairt chun cinn, chuirfí feabhas ar shaol na milliún duine san Eoraip le linn a saoil agus chuirfí le timpeallachtaí oibre neamh-idirdhealaitheacha, le dálaí oibre níos fearr agus, ar an gcaoi sin, le geilleagar níos láidre.

19. Is dúshlán do na geilleagair náisiúnta i ngach tír san Eoraip an síormhéadú ar an gcaiteachas sláinte. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt ar dheitéarmanaint shóisialta, tráchtála, eacnamaíocha agus chomhshaoil na sláinte agus ar ualach na ngalar neamhthógálach, agus fachtóirí riosca amhail drochaistí bia nó aistí bia neamhshláintiúla, neamhghníomhaíocht choirp agus mí-úsáid alcóil agus tobac á gcur san áireamh. Is féidir bearta fioscacha a úsáid chun tomhaltas agus iompar a threorú.

20. Le ganntanais agus praghsanna arda **roinnt** *feistí leighis agus cógas,* mar aon le neamhéifeachtúlachtaí san úsáid a bhaintear as cógais chineálacha agus bhithshamhlacha, d'fhéadfaí cur isteach ar inbhuanaitheacht agus ar mhaoiniú na gcóras sláinte náisiúnta. Tá sé bunriachtanach go bhfeabhsófar an rochtain ar chógais agus ar chostéifeachtacht cógas, sábháilteacht na n-othar agus an leanúnachas cóireála. Thairis sin, tá sé tábhachtach leanúint den phlé beartais faoin inacmhainneacht agus faoi **[...] shlándáil an** tsoláthair.

21. Le *forbairtí teicneolaíocha*, go háirithe an digitiú agus an intleacht shaorga, tá athrú ag teacht ar an gcaoi ar féidir dea-bhail daoine a chur chun cinn agus an chaoi a gcuirtear seirbhísí sláinte agus sóisialta ar fáil. Mar thoradh air sin, d'fhéadfaí cur leis an gcost-éifeachtacht, ar éifeachtúlacht agus ar cháilíocht seirbhísí agus dul i ngleic le neamhionannais sa rochtain agus sna torthaí. Tá sé tábhachtach an rochtain atá ag daoine ar a *sonraí sláinte agus sóisialta* féin a fheabhsú agus feasacht a mhúscailt faoi chosaint sonraí sláinte agus sóisialta. Chun an tsláinte phoiblí, an taighde agus an nuálaíocht a thabhairt chun cinn, tá sé bunriachtanach úsáid a bhaint as acmhainneacht sonraí sláinte agus sóisialta, agus rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí agus prionsabail eiticiúla á n-urramú ina n-iomláine ag an am céanna.

22. Leis *an Seimeastar Eorpach*, cuirtear creat ar fáil chun beartais eacnamaíocha na mBallstát a chomhordú agus is uirlis thábhachtach é chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise Eoraip 2020 agus ar phríomhréimsí a chumhdaítear leis an gColún. Tá méadú tagtha, de réir a chéile, ar líon na moltaí sonracha a bhaineann le beartais shóisialta, fostaíochta, oideachais, oiliúna agus chomhionannais, le cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, le pinsin, le bochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta agus, sa lá atá inniu ann, baineann beagnach leath de na moltaí sin leis na hábhair sin. Tá beartais shóisialta, fostaíochta, oideachais agus sláinte atá dea-cheaptha agus inbhuanaithe chomh maith le comhionannas inscne bunriachtanach le haghaidh fás eacnamaíoch **inbhuanaithe, cuimsitheach,** fadtéarmach. Ar an gcaoi sin, tá ról tábhachtach sa Seimeastar Eorpach ag an gcomhar trasearnála agus ag cothromaíocht cheart idir beartais eacnamaíocha agus na beartais sin.

23. Is faoi fhreagracht na mBallstát atá *athchóirithe struchtúracha*. Féadfaidh cistí struchtúracha an Aontais tacú le tuilleadh forbairtí inbhuanaithe i mbeartais dea-bhaile sna Ballstáit. Féadtar na cistí sin a úsáid chun gníomhaíochtaí na mBallstát a chur chun cinn mar a shainaithnítear i dtreoirlínte comhtháite beartas eacnamaíoch agus fostaíochta agus i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh.

24. Ar na cúiseanna sin, tá sé ríthábhachtach go bhforbróidh an tAontas *straitéis fhadtéarmach iar-2020 nua* chun a áirithiú go mbeidh an tAontas ar an ngeilleagar is iomaíche agus is cuimsithí ó thaobh na sochaí de agus is ísle carbón ar domhan, mar léiriú ar gheilleagar na dea-bhaile. Tá sé tábhachtach go léireodh an tAontas ceannaireacht dhomhanda trí straitéis nua uaillmhianach chothrománach dhea-chothromaithe a ghlacadh i gcomhréir leis na gealltanais arna dtabhairt faoi chuimsiú an Cholúin agus Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe.

**IARRANN Comhairle an Aontais Eorpaigh ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

25. Measúnú trasearnála tionchar A FHORBAIRT maidir le dea-bhail chun ceapadh beartas agus cinnteoireacht a bheidh eolasbhunaithe a neartú.

26. MACHNAMH A DHÉANAMH AR tháscairí a úsáid a bhaineann le dea-bhail chun próisis náisiúnta buiséid a fhaireachán agus a thuairisciú agus i gcomhair na cinnteoireachta eolasbhunaithe. Ba cheart na táscairí sin go léir a dhí-chomhbhailiú de réir inscne.

27. Rannpháirtíocht i margadh an tsaothair A FHEABHSÚ trí spriocdhíriú níos fearr ar bhearta sonracha tacaíochta do dhaoine a eisiatar nó atá i mbaol eisiaimh ó mhargadh an tsaothair, i gcomhréir le cur chuige an chuimsithe ghníomhaigh.

28. A ÁIRITHIÚ, i bhfianaise cúinsí náisiúnta, go mbeidh rochtain ag gach duine ar chosaint shóisialta leordhóthanach agus ar sheirbhísí ardcháilíochta, inacmhainne, inbhuanaithe.

29. A gcuid gníomhaíochtaí trasearnála A DHÍRIÚ ar dhul i ngleic le dúshláin dea-bhaile ag céim luath agus i rith saol daoine aonair, agus aird á tabhairt go háirithe ar na sochair a thagann as bearta sláinte agus coisctheacha a chur chun cinn.

30. Beartais chuimsitheacha don fhoghlaim ar feadh an tsaoil A CHUR CHUN CINN mar aon le scileanna agus forbairt inniúlachta i rith an tsaoil.

31. Athchóirithe struchtúracha A CHUR CHUN CINN lena dtaobhaítear leis an gcuimsiú sóisialta, an rannpháirtíocht saoránach agus an athléimneacht shocheacnamaíoch.

32. Peirspictíocht trasearnála A FHEABHSÚ sna seasaimh bheartais a léirítear laistigh de chomhlachtaí ullmhúcháin éagsúla na Comhairle a bhíonn ag plé leis an Seimeastar Eorpach chun anailís chothrománach cothromaithe a áirithiú, ag teacht le coincheap gheilleagar na dea-bhaile.

**IARRANN sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach**, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh, agus urraim á tabhairt do ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta, **an méid seo a leanas a dhéanamh:**

33. Peirspictíocht maidir le geilleagar na dea-bhaile A ÁIREAMH go cothrománach i mbeartais náisiúnta agus Aontais agus daoine agus a ndea-bhail a chur i gcroílár an cheaptha beartais.

34. Idirghabhálacha beartais atá fianaise-bhunaithe agus éifeachtach A CHUR CHUN FEIDHME ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna dea-bhaile.

35. LEANÚINT den bhochtaineacht a dhíothú, go háirithe tríd an mbochtaineacht leanaí agus tarchur na bochtaineachta ó ghlúin go glúin a chomhrac, lena n-áirítear trí bhearta nua a fhiosrú.

36. LEANÚINT de bhearta a cheapadh agus a chur chun feidhme lena n-aithnítear an easpa dídine agus lena dtugtar aghaidh air, agus an rochtain ar thithíocht inacmhainne do chách a chur chun cinn.

37. An comhar trasearnála A CHUR CHUN CINN agus leanúint de ról na mbeartas fostaíochta, sóisialta, sláinte agus oideachais a neartú laistigh de phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh.

38. TABHAIRT FAOI anailísí cothrománacha laistigh de phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh A DHÉANAMH chun peirspictíochtaí beartais fadtéarmacha leathana a fheabhsú agus chun moltaí beartais atá cothrom a chur ar fáil.

39. LEANÚINT DE mhodhanna diana cainníochtúla agus cáilíochtúla a fhorbairt maidir le bailiú sonraí agus maidir le staidreamh chun dea-bhail daoine a thomhas agus a fhaireachán go tráthrialta le go gcuirfear, i dteannta na dtáscairí eacnamaíocha i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, anailís chuimsitheach ar fáil mar bhonn do cheapadh beartais agus do chinnteoireacht.

40. Cur chun feidhme phrionsabail an Cholúin **A CHUR CHUN CINN** mar chéim thábhachtach maidir le geilleagar na dea-bhaile a bhaint amach.

41. Sochair an digitithe A ÁIRITHIÚ do dhea-bhail daoine trí, mar shampla, dhlús a chur leis an obair ar réitigh dhigiteacha nuálacha atá slán trí dhearadh i gcur chun cinn na sláinte, sa chúram sláinte agus i mbeartais shóisialta, trí neartú a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha, ar na tionscnaimh atá ann faoi láthair le haghaidh malartú idir-inoibritheach, trasteorann sonraí sláinte agus cosanta sóisialta agus trí theicneolaíochtaí nuálacha sonraí a úsáid, lena n-áirítear an intleacht shaorga, agus rialacha cosanta sonraí, slándáil sonraí agus prionsabail eiticiúla ghaolmhara á n-urramú ag an am céanna, agus an cuimsiú digiteach A CHUR CHUN CINN.

42. Tionchair athruithe déimeagrafacha a RÉAMH-MHEAS, na cinn sin go háirithe arb iad an t-aosú agus fad saoil is cúis leo, agus aosú folláin agus gníomhach a chur chun cinn i ngach beartas.

43. Bearta nithiúla éifeachtacha A CHUR CHUN FEIDHME chun na bearnaí inscne san fhostaíocht agus sa phá a dhúnadh thar phlean reatha gníomhaíochta an Aontais maidir leis an mbearna phá idir na hinscní a chomhrac **agus AGHAIDH A THABHAIRT ar an tionchar a bhíonn acu ar an mbearna idir na hinscní ó thaobh pinsean de.**

44. Ardleibhéil oideachais agus cúraim luath-óige atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardcháilíocht A CHUR CHUN CINN, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagadh síos ag an gComhairle Eorpach in Barcelona in 2002 maidir le cúram leanaí agus i gcomhréir le moladh 2019 ón gComhairle maidir le córais ardcháilíochta oideachais agus cúraim luath-óige.

45. Ról an gheilleagair shóisialta, na fiontraíochta sóisialta agus na nuálaíochta sóisialta A ATREISIÚ agus an cuimsiú sóisialta á chur chun cinn, agus poist ardcháilíochta á gcruthú agus sa **rochtain ar** na poist sin agus san infheistíocht shóisialta.

46. OIBRIÚ go dlúth le comhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus náisiúnta agus leis an tsochaí shibhialta chun geilleagar na dea-bhaile a chur chun cinn trí idirphlé éifeachtach sóisialta agus sibhialta.

**IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh:**

47. Straitéis nua fáis fhadtéarmaí don Aontas A MHOLADH, ar dhul in éag don Straitéis Eoraip 2020 maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uileghabhálach, darb aidhm go n-áiritheofar go mbeidh an tAontas ar an ngeilleagar is iomaíche, is cuimsithí ó thaobh na sochaí de agus is ísle carbón ar domhan.

48. Teachtaireacht a EISIÚINT ina dtugtar aghaidh ar gheilleagar na dea-bhaile, agus béim á cur ar an gcaidreamh frithpháirteach idir beartais dea-bhaile agus an fás eacnamaíoch, ar an gcomhar cothromaithe trasearnála i measc réimsí beartais éagsúla, ar chur chuige eolasbhunaithe agus ar bhearta coisctheacha agus ar idirghabhálacha luatha, lena dtacaítear le cur chun feidhme an Cholúin agus Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe.

49. NEARTÚ A DHÉANAMH ar an measúnú a dhéantar ar an tionchar a bhíonn ag tionscnaimh reachtacha agus tionscnaimh mhóra bheartais ar an dea-bhail, lena n-áirítear i réimse an bheartais eacnamaíoch.

50. ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH ar Chreat Straitéiseach an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, agus an saol oibre atá ag athrú á chur san áireamh.

51. Straitéis neamhspleách Eorpach maidir le Comhionannas Inscne a GHLACADH agus príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne mar aon le cur chun feidhme éifeachtach an méid sin A NEARTÚ i ngach réimse beartais.

52. An comhar Eorpach A CHUR CHUN CINN san oideachas agus san oiliúint chun go mbeidh an Eoraip ar thús cadhnaíochta ar domhan san fhoghlaim, trí thacú le cultúr a chumhachtaíonn agus a spreagann daoine agus sochaithe agus a mholann dóibh foghlaim a dhéanamh, ar gach leibhéal agus i ngach cineál oideachais agus oiliúna agus ag gach céim den saol.

53. Tionscnaimh nua a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar bheartais mhíchumais thar an Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020 atá ann faoi láthair.

54. An gealltanas maidir le cuimsiú na Romach A ATHNUACHAN trí thionscnaimh nua bheartais a fhorbairt, lena n-áirítear creat-straitéis Eorpach i ndiaidh 2020 a ghlacadh.

55. TACÚ leis na Ballstáit, trí ghníomhaíochtaí iomchuí laistigh dá inniúlacht, sna hiarrachtaí a dhéanann siad inbhuanaitheacht agus infhaighteacht seirbhísí sláinte a fheabhsú, lena n-áirítear an rochtain ar chógais agus ar fheistí leighis.

56. Straitéis meabhair-shláinte A MHOLADH don Aontas, agus tionchair thrasearnála beartas éagsúil ar an meabhairshláinte á gcur san áireamh.

57. Plean Gníomhaíochta Eorpach A MHOLADH chun ailse a chomhrac, **[…]** chun tacú leis na Ballstáit sna hiarrachtaí a dhéanann siad chun***, inter alia,*** ailse a chosc, chun aghaidh a thabhairt ar an luathdhiagnóisiú agus ar an gcóireáil agus chun saol na n-othar agus na marthanóirí a fheabhsú.

**IARRANN SÍ ar an gCoiste Fostaíochta agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta an méid seo a leanas a dhéanamh:**

58. Peirspictíocht i leith gheilleagar na dea-bhaile a chomhtháthú sa mhachnamh a dhéanann siad ar na réimsí beartais atá laistigh dá sainchúram.

59. LEANÚINT de dhlúthchomhar a chothú le chéile agus leis an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch, agus le comhlachtaí ullmhúcháin ábhartha eile de chuid na Comhairle freisin a bhfuil inniúlacht acu go háirithe i réimse na sláinte agus an oideachais, chun anailís chothrománach chothromaithe a áirithiú.

60. LEANÚINT den chúram táscairí iontaofa, atá inchomparáide go hidirnáisiúnta, a fheabhsú agus a fhorbairt, i gcomhar le hinstitiúidí an Aontais, chun dea-bhail daoine san Aontas a thomhas agus a fhaireachán, agus aird á tabhairt ar an gcomhthéacs tírshonrach agus ar an obair a dhéanann gníomhaithe ábhartha idirnáisiúnta eile.